



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

*Scrúdú na  
hArdteistiméireachta, 2018*

Stampa an Ionaid

## *Gaeilge Ardleibhéal*

**Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)**

160 MARC

**Dé Luain  
11 Meitheamh  
Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20**

### **Cuid I: Cluastuiscint** (60 Marc)

<i>Don Scrúdaitheoir</i>	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

#### ***Treoracha d'iarrthóirí***

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Nuair a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

# Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

1. (a) Cén dáta a bheidh Oíche Chultúir na bliana seo ar siúl?

---

- (b) Cén deis a thugann Oíche Chultúir do phobal na hÉireann?

---

2. (a) Scríobh síos pointe **amháin** eolais faoin gceolchoirm mhór a bheidh ar siúl san ionad cultúir i mBaile na hInse.

---

- (b) Cé hé Liam de Brún?

---

3. Conas a chuirfear deireadh leis na himeachtaí?

---

## FÓGRA A DÓ

1. (a) Cén cumann drámaíochta a chuirfidh dráma na Nollag ar stáitse?

---

- (b) Cén t-am a thosóidh an dráma gach oíche?

---

2. Cén damáiste a rinneadh don bhunscoil le linn na stoirme?

---

3. Cad a thosaigh Dé Luain seo caite?

---

# Cuid B

---

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

---

## COMHRÁ A hAON

### *An Chéad Mhír*

1. (a) Tá Orla ina ball de ghrúpa scoile áirithe. Cén t-ainm atá ar an ngrúpa scoile sin?

---

- (b) Cé a bhronnfaidh an gradam ar an ngrúpa scoile sin anocht?

---

2. Scríobh síos an **dá** aidhm a bhí ag an ngrúpa scoile sin.

(i) \_\_\_\_\_

(ii) \_\_\_\_\_

### *An Dara Mír*

1. Scríobh síos pointe **amháin** eolais a luaigh an t-aoichainteoir ó Focus Ireland leis na scoláirí.

---

2. Cén obair a dhéanann Orla agus na scoláirí eile san ionad lae gach Satharn?

---

3. Cén seanfhocal atá fíor i gcás na scoláirí i scoil Orla, dar le Tomás?

---

# *Cuid B ar leanúint*

---

---

## COMHRÁ A DÓ

### *An Chéad Mhír*

1. (a) Cén áit i mBaile Átha Cliath a raibh an searmanas speisialta ar siúl?

---

- (b) Cad a bronnadh ar Jakub agus ar a theaghlach ag an searmanas speisialta sin?

---

2. Cén fáth ar shocraigh tuismitheoirí Jakub teacht go hÉirinn, dar leis féin?

---

3. Cén fáth a bhfuil go leor deiseanna fostaíochta ann do shiúinéirí in Éirinn na laethanta seo, dar le Sorcha?

---

### *An Dara Mír*

1. Cá raibh an coláiste samhraidh inar chaith Jakub trí seachtaine i mí Iúil seo caite?

---

2. Cad a bheidh ar siúl i halla an bhaile Dé Domhnaigh seo chugainn?

---

3. Cén t-eolas a gheobhaidh Sorcha ag an ócáid sin i halla an bhaile?

---



# Cuid C

---

Cloisfidh tú **dhá** píosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

---

## PÍOSA A hAON

1. (a) Cén ollscoil a thug onóir speisialta do bhean as Gaeltacht Thír Chonaill anuraidh?

---

(b) Cén foirgneamh ar champas na hollscoile a ainmníodh i gcuimhne ar Chaitlín Nic an Ultaigh?

---

2. Cad a rinne Caitlín agus a muintir nuair a bhí sí trí bliana d’aois?

---

3. Conas a bhain Caitlín cáil amach sa bhliain 1946?

---

## PÍOSA A DÓ

1. Cad a bronnadh ar an Taoiseach, Leo Varadkar, ag an ócáid speisialta i dTeach an Ardmhéara?

---

2. Cén deis a thug an cúrsa seo do Leo Varadkar?

---

3. Cén post atá ag Rónán Ó Domhnaill?

---

# **Cuid II: Ceapadóireacht**

(100 Marc)

---

## ***Treoracha d'iarrthóirí***

---

**Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.**

**Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.**

**Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.**

---

---

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A, B nó C** anseo thíos.

*Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.*

<b>A</b> – AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE – <b>100 marc</b>
---

Scríobh AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

- (a) Tá an ceol an-tábhachtach do dhaoine óga.
- (b) Daoine sa saol poiblí a bhfuil meas agam orthu.
- (c) An Ghaeilge agus an Ghaeltacht sa bhliain 2018.
- (d) Tá geilleagar na hÉireann ag feabhsú arís.
- (e) An tionchar atá ag an athrú aeráide ar phobail éagsúla an domhain.

<b>B</b> – SCÉAL – <b>100 marc</b>
------------------------------------

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha ceann **amháin** díobh seo oiriúnach mar theideal air.

- (a) Díoltas.
- (b) Is fearr cara ná ór.

<b>C</b> – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – <b>100 marc</b>
--

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

- (a) Scríobh *an chaint* a dhéanfa i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Tá an iomarca tionchair ag na meáin shóisialta ar dhaoine óga.*

- (b) Iarradh ort píosa cainte a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

*An ról tábhachtach atá ag Uachtarán na hÉireann.*

Scríobh an *píosa cainte* a dhéanfa ar an ábhar sin.

**Leathanach Bán**